# An Caitheamh Aimsire is Fearr Liom.

Is é peil an spórt is fearr liom. Is tacaí mé d' fhoireann Mhancain Aontaithe. Sílim go bhfuil an spórt iontach tábhachtach sa lá atá inniu ann. Tá sé maith do do shláinte, agus coinníonn sé aclaí tú. Tugann sé seans duit dul amach as an teach, agus do chairde a fheiceáil. Imrím peil ag an tsos ar scoil, agus tá mé ar an fhoireann faoi shé bliana déag. Taitníonn sé go mór liom.

Taobh amuigh den scoil, imrím peil leis an chlub áitiúil. Téim ag traenáil dhá uair sa tseachtain, agus is tosaí mé ar an fhoireann. Is aoibhinn liom bheith ag imirt Dé Sathairn, ach amháin nuair a bhíonn sé ag cur fearthainne!

Caitheann daoine óga barraíocht ama ag féachaint ar an teilifís agus ag imirt ar a Playstations. Tugann peil seans dom bheith amuigh agus aclaíocht a fháil. Is é David Beckham an t-imreoir is fearr liom. D' imir sé do Mhancain Aontaithe ach imríonn sé anois do Real Madrid. Is imreoir den scoth é. Ba mhaith liom bheith i mo pheileadóir lá amháin. Creidim go bhfuil an t-airgead ar dóigh!